Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

**Athscríbhinn den fhíseán**

# Conas a chosnaíonn an Banc Ceannais an pobal?




Is athscríbhinn í seo den fhíseán mínithe: "Conas a chosnaíonn an Banc Ceannais an pobal?"

Foilsíodh an físeán ar an 14 Feabhra 2020.

**Alex:** Go raibh maith agat, a Bhean Mhic Aonghusa, as cuireadh a thabhairt dom teacht chuig Cill Chainnigh inniu chun labhairt le do rang.

Tá áthas orm bualadh libh go léir.

Tá a fhios agam go bhfuil Bean Mhic Aonghusa tar éis léargas a thabhairt daoibh ar an ról atá ag Banc Ceannais na hÉireann. An bhfuil aon cheisteanna agaibh?

**Dalta:** Dia duit.

Mura bhfásann airgead ar na crainn, cén fáth a bhfuil brainsí ag na bainc?

**Alex:** An-ghreannmhar!

**Bean Mhic Aonghusa**: An bhfuil ceist dháiríre ag aon duine? A Michelle?

**Michelle:** Haigh, a Alex. Tá a fhios agam go bhfuil róil éagsúla ag an mBanc Ceannais ach an féidir leat a mhíniú dúinn conas a chosnaíonn sé an pobal i gcoitinne?

**Alex:** Tá áthas orm gur chuir tú an cheist sin orm mar is gné lárnach dár ról é an pobal a chosaint.

Go deimhin, stiúrann sé gach a ndéanaimid.

Breathnóimid ar dtús ar an gcóras airgeadais.

Idir airgead a chur i dtaisce, airgead a fháil ar iasacht, nó idirbhearta baincéireachta a dhéanamh ó lá go lá, bímid go léir ag brath ar an gcóras airgeadais ar bhealach éigin.

Cosnaíonn an Banc Ceannais an pobal tríd an gcóras airgeadais a choimeád seasmhach agus athléimneach.

Tá córas airgeadais athléimneach ábalta turraingí eacnamaíocha a sheasamh.

Tá sé d'aidhm againn a chinntiú nach gcruthóidh na turraingí sin mórshaobhadh nó cor chun donais a dhéanfadh dochar don phobal.

**Michelle:** Cé na rudaí a dhéanann sibh chun an córas airgeadais a choimeád seasmhach?

**Alex:** Bhuel, ar an gcéad dul síos, bainimid úsáid as uirlis ar a dtugtar "beartas macrastuamachta".

Sampla is ea na bearta morgáiste a chuireann teorainneacha ar an méid airgid is féidir le daoine a fháil ar iasacht chun teach a cheannach.

Ar thaobh amháin, cinntíonn na bearta seo nach bhfaighidh daoine iasacht rómhór nach mbeidh siad ábalta a íoc ar ais.

Agus ar an taobh eile, cinntíonn siad go mbeidh na bainc stuama agus airgead á thabhairt ar iasacht acu.

Ar an gcaoi sin, cosnaítear daoine ar an rófhiachas, agus bíonn an córas airgeadais níos seasmhaí agus níos athléimní ag an am céanna.

Chomh maith leis sin, cosnaímid an pobal trí ghnólachtaí airgeadais a bhíonn ag feidhmiú sa chóras airgeadais a rialáil agus a mhaoirsiú.

Dá bhrí sin, tá rialacha tábhachtacha agus caighdeáin thábhachtacha againn chun a chinntiú go bhfuil gnólachtaí fónta ó thaobh airgeadais de agus go bhfuil daoine cuícháilithe i gceannas orthu.

Ní cheadóimid ach do ghnólachtaí a chomhlíonann na caighdeáin sin a bheith ag feidhmiú sa chóras airgeadais.

Agus, ar ndóigh, déanaimid maoirseacht orthu ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go gcloíonn siad leis na rialacha rialála.

Cuirimid rialacha um chosaint tomhaltóirí i bhfeidhm freisin. Cosnóidh na rialacha sin tú nuair a cheannóidh tú táirge nó seirbhís airgeadais.

Tá na rialacha seo ann chun a chinntiú go gcaitear go cóir leat nuair a bheidh tú ag plé le gnólacht airgeadais.

Rialaíonn na rialacha sin an chaoi ina ndíoltar táirgí airgeadais leat, an t-eolas a thugtar duit nuair a cheannaíonn tú na táirgí sin, agus an chaoi ina ndéileáltar le do ghearáin - sa chaoi go gcaitear go cóir leat.

**Michelle:** Agus céard faoi dhaoine a bhfuil airgead i dtaisce acu? Conas a chosnaíonn tú na daoine sin?

**Alex:** Ceist mhaith í sin!

Bíonn scéimeanna tábhachtacha cúitimh á rialú againn a fheidhmíonn mar líontán sábhála chun an pobal a chosaint.

Trí na scéimeanna seo, íocfar leat an t-airgead ar fad, nó cuid den airgead, a chaillfeá dá dteipfeadh ar institiúid airgeadais.

Mar shampla, an Scéim Ráthaíochta Taiscí a chosnaíonn do chuid taiscí mura mbíonn banc nó comhar creidmheasa ábalta do chuid airgid a íoc leat.

Mar a fheiceann tú, bímid ag obair an t-am ar fad ar mhaithe leis an bpobal agus ar mhaithe le tú a chosaint.

**Bean Mhic Aonghusa:** Go raibh míle maith agat, a Alex. Tá neart foghlamtha againn inniu.

**Alex:** Míle fáilte romhat!